Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2010***

# Gaeilge Ardleibhéal

## Páipéar 1

170 MARC

**Dé Luain**
**14 Meitheamh**
**Tráthnóna, 1.30 go dtí 4.20**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

**FREAGAIR CEIST 1 (*leathanach 3*) AGUS**
**CEIST 2 (*na leathanaigh 4-7*)**

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*

*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

# *Ceist 1*

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B, C nó D*** anseo thíos.
*Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.*

### **A** – AISTE – **100 marc**

Scríobh AISTE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) A bhfuil i ndán d'Éirinn mar bhall d'Aontas na hEorpa.
(b) Daoine atá i mbéal an phobail.
(c) Tábhacht na dea-nuachta.

### **B** – SCÉAL – **100 marc**

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Imní.
(b) An áit a mbíonn náire, bíonn grásta.

### **C** – ALT NUACHTÁIN / IRISE – **100 marc**

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Tá tú fillte abhaile tar éis tréimhse a chaitheamh ag obair le heagraíocht charthanach ag cabhrú le daoine bochta i dtír iasachta.

Scríobh alt, bunaithe ar do thaithí phearsanta, d'iris na scoile.

(b) Tá comórtas i nuachtán Gaeilge ag lorg ailt ar an ábhar seo a leanas:

*Tá daoine óga na hÉireann leisciúil agus míshláintiúil.*

Scríobh an t-alt a chuirfeá isteach ar an gcomórtas.

### **D** – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – **100 marc**

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Tá an meath i ndán do na Gaeltachtaí in Éirinn.*

(b) Is tusa príomhchailín/príomhbhuachaill na scoile. Ag ceiliúradh dheireadh na bliana iarrtar ort labhairt le do chomhscoláirí sa séú bliain faoin aisling atá agat d'Éirinn i gceann deich mbliana.

Scríobh an *óráid* a thabharfá ag an gcruinniú.

# Ceist 2

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** ar na leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall), ***agus*** **B** ar na leathanaigh 6 agus 7.

### **A** – 35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

## De Shiúl na gCos go Cathair Santiago

**1** Tar éis dom post cruógach an mhúinteora a chur díom in aois mo thrí scór bliain, bhí fonn orm sos fada machnaimh a thógáil sula dtabharfainn faoin saol nua a bhí romham. Bhí crosbhóthar sroichte agam i mo shaol agus bhí rogha géibheannach le déanamh agam faoin mbealach a ghabhfainn. Ba é mian mo chroí le fada é cosán na n-oilithreach meánaoiseach go Santiago de Compostela a shiúl ó Saint-Jean-Pied-de-Port sa Fhrainc go Finisterre ar chósta thiar na Spáinne, aistear naoi gcéad ciliméadar. Ós rud é go raibh dúil thar cuimse agam riamh sa choisíocht, bheartaigh mé an sos machnaimh agus an oilithreacht go Compostela a nascadh le chéile san aon turas amháin. Mar sin, ar an gcéad lá de Mheán Fómhair, 2004, seachas filleadh ar an seomra ranga, phacáil mé mo mhála agus bhuail mé bóthar. Ar feadh aon lá déag agus scór, shiúil mé sé chiliméadar is fiche in aghaidh an lae, ar an meán, ar an *camino*, mar a thugtar air, nó gur bhain mé cathair Santiago de Compostela amach, agus Finisterre ina dhiaidh sin.

**2** Ba sa seachtú haois a tosaíodh ar phoiblíocht a thabhairt don mhíorúilt a thugann a comhartha aitheantais don oilithreacht go Compostela. De réir an tseanchais, fuarthas duine báite agus a chorp clúdaithe le sliogáin mhuiríní, agus tugadh ar ais ina bheatha é trí idirghuí Santiago, an naomh a dtugtar San Séamas air sa tír seo. Ó shin i leith bronntar sliogán muirín, in ómós do Santiago, ar gach duine a n-éiríonn leis an oilithreacht a dhéanamh. Ach deir na hantraipeolaithe go mbíodh daoine ag déanamh an turais i bhfad roimh aimsir Santiago. Shiúladh daoine réamhstairiúla an bóthar go Finisterre, agus Bealach na Bó Finne sa spéir mar threoir acu. Chreidtí gur áit naofa ba ea Finisterre. Dhéantaí Dia na Gréine a adhradh ansin agus an ghrian ag dul faoi san fharraige. Deir lucht seandálaíochta go mbíodh Rí na Réaltaí á adhradh ag na Ceiltigh i dteampaill oscailte ar bharr na n-aillte san áit. Théadh na Rómhánaigh ann freisin. Ba iad a thug Finisterre ar an áit, focal a chiallaíonn 'foirceann na talún' nó an áit dheireanach ar thalamh an domhain.

**3** Scríobh an fealsamh Søren Kierkegaard nach raibh fadhb ar bith nach bhféadfadh duine a réiteach agus é ag siúl. Tuigim féin fírinne na tuairime sin. Nuair a bhím féin ag siúl oibríonn rithim na coisíochta mar chineál *mantra* ar m'intinn, agus braithim suaimhneas ionam féin nach mbraithim am ar bith eile. Is as an suaimhneas aigne sin is minic a thagann réiteach faidhbe. Ach tá níos mó ná sin le baint as oilithreacht. Ar an *camino*, chruthaigh mé spás dom féin nach raibh fáil isteach ag rudaí saolta ann. Shiúil mé trí áiteanna a raibh an gnáthshaol oibre ag dul ar aghaidh iontu, agus bhuail mé le daoine a bhí gafa go huile is go hiomlán le cúramaí an tsaoil. Toisc nárbh amhlaidh dom féin, bhí caoi agam machnamh ar chíocras an duine chun airgid, rud nach gcuireann puinn, go minic, lena shástacht. Ach, os a choinne sin, fuair mé ábhar machnaimh mo dhóthain sna rudaí áille a bhí ar fáil go forleathan feadh an bhealaigh, rudaí a rinneadh, ní as an tsaint ach as grá Dé.



*Santiago / San Séamas*

**4** Níor rug mé liom ach na riachtanais bhunúsacha i mála droma beag. Is minic a shamhlaigh mé an mála sin mar shiombail den ualach a leag mé ar dhaoine i rith na mblianta. B'fhéidir gurbh é an gá a bhí agam le haithreachas a dhéanamh as sin a thug orm an mála droma a iompar le foighne agus le buíochas. Chaithinn na hoícheanta i mbrúnna beaga (*albergue)* feadh an bhealaigh. Is iomaí cineál duine a bhuail liom agus níorbh í an chuid ba dheise den nádúr daonna a tháinig chun solais uaireanta.

Is cuimhin liom an seisear Francach i mbrú in Larrasoana nár chaith focal sibhialta liom i rith bhéile an tráthnóna. Agus tá cuimhne agam freisin ar an tábhairneoir in Fomista a raibh orm tabhairt amach dó as Spáinnis mar nach raibh sé sásta freastal orm. Ach os a choinne sin ní dhéanfaidh mé dearmad ar Rónán a tháinig ón Astráil leis an *camino* a shiúl agus a chaitheann a shaol ag cabhrú le handúiligh dhrugaí.

5 Ba gheall le turas siar trí stair chasta thuaisceart na Spáinne an *camino*. Bhí an caidreamh idir ríochtaí beaga an tuaiscirt agus tíortha eile na hEorpa ag síorathrú i rith na n-aoiseanna, anuas go dtí ár linn féin. Mar fhianaise leis sin, tháinig mé ar uaigh Cesare Borgia a maraíodh i seirbhís rí Navarra in Viana i 1507. Ba faoi Cesare a scríobh Machiavelli *An Prionsa* mar léiriú ar ealaín na státaireachta a chleacht Cesare lena linn. In Pamplona insíodh dom faoi Eoghan Ó Néill, de bhunadh Iarlaí Thír Eoghain, a chosain an chathair ar arm Napoléon in 1808. I gcathair Burgos tháinig mé ar an bpríosún inar coimeádadh Frank Ryan sa bhliain 1940 i ndiaidh dó troid sa Bhriogáid Idirnáisiúnta in aghaidh Franco. Nuair a bhí deasghnátha na hoilithreachta comhlíonta agam scrúdaigh mé m'aigne faoin tairbhe a bhain mé aisti. Seachas an chloch meáchain a chaill mé de bharr na diansiúlóide, ba dheacair dom gan aird a thabhairt ar an lúcháir aigne a bhraith mé agus mé ag siúl agus is í atá fanta liom ó shin.

Bunaithe ar an leabhar *An Bóthar go Santiago*
le Micheál de Barra



*Ardeaglais Santiago – Ceann scríbe na hoilithreachta*

## *Ceisteanna*

**1** (a) Cén fáth a raibh fonn ar an údar sos fada machnaimh a thógáil? (Alt 1) (3 mharc)

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin tsiúlóid a rinne an t-údar. (Alt 1) (4 mharc)

**2** (a) Cén mhíorúilt a thug a comhartha aitheantais don oilithreacht? (Alt 2) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** phíosa eolais a léiríonn gur áit naofa é Finisterre sa tréimhse réamhstairiúil. (Alt 2) (4 mharc)

**3** (a) Conas a théann an choisíocht i bhfeidhm ar aigne an údair, dar leis? (Alt 3) (3 mharc)

(b) Cén t-ábhar machnaimh a fuair an t-údar ar an *camino*? (**Dhá** phointe) (Alt 3) (4 mharc)

**4** (a) Cén fáth ar iompair an t-údar an mála droma 'le foighne agus le buíochas'? (Alt 4) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** shampla den taobh mídheas den nádúr daonna a thug an t-údar faoi deara ar an *camino*. (Alt 4) (4 mharc)

**5** (a) Luaigh ceangal **amháin** atá ag ceantar an *camino* le hÉirinn. (Alt 5) (3 mharc)

(b) Cén tairbhe a bhain an t-údar as an *camino*? (**Dhá** phointe) (Alt 5) (4 mharc)

# LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** ar na leathanaigh 6 (thíos) agus 7 (thall).

## **B** – 35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

## LAOCH GAEL-MHEIRICEÁNACH AR LÁR

**1** Nuair a fógraíodh bás an tSeanadóra Ted Kennedy ar an 26ú Lúnasa, 2009 scaipeadh an scéal láithreach ar fud an domhain. Bhí sé ar phríomhscéal na nuachta ag gach uile stáisiún teilifíse agus raidió. Tháinig tonn tuile de theachtaireachtaí comhbhróin isteach chuig Ceann Comhairle rialtas Mheiriceá ó thromlach na gceannairí stáit ar fud an domhain. Ba rud neamhghnách é seo mar ba dhuine é Ted Kennedy nár éirigh leis riamh a bheith ina uachtarán ar a thír féin. Bhí aithne ar Ted Kennedy mar dheartháir le Jack (JFK) a feallmharaíodh agus é ina uachtarán ar na Stáit Aontaithe, agus le Robert a feallmharaíodh freisin agus é ar thairseach na huachtaránachta. Ach bhí clú agus cáil fhorleathan ar Ted Kennedy as a chuid oibre féin freisin. Ba é an Seanadóir ba mhó é a d'fhág a lorg ar chóras dlí na Stát Aontaithe ó bunaíodh an stát feidearálach sa bhliain 1788.


**2** Tháinig Ted Kennedy isteach sa Seanad i 1962 i gcomharbas ar a dheartháir Jack, a toghadh ina uachtarán dhá bhliain roimhe sin. Ón mbliain sin amach, toghadh Ted seacht n-uaire i ndiaidh a chéile mar sheanadóir ina stát dúchais, Massachusetts, éacht nach ndearna aon pholaiteoir roimhe. Ach bhí an tragóid sna sála aige mar a bhí sí sna sála ag a dheartháireacha roimhe. Sa bhliain 1969 tharla eachtra a d'fhág smál ar shaol polaitiúil Ted Kennedy de bharr a iompair siúd ag an am. Bádh bean óg, Mary Jo Kopechne, nuair a chuaigh carr Kennedy isteach in abhainn an Chappaquidick. Tháinig seisean slán ach theith sé ón áit gan fios a chur ar na póilíní ná ar na seirbhísí tarrthála. Ciontaíodh é as láthair timpiste a fhágáil agus ní bhfuarthas míniú sásúil riamh ar ar tharla. Bhí tionchar fadtéarmach ag an eachtra sin ar shaol polaitiúil Kennedy. Bhí an eachtra ina bac air aon uair a rinne sé iarracht ina dhiaidh sin a bheith ina uachtarán.

**3** Ach sna blianta beaga a lean eachtra Chappaquidick luigh Ted Kennedy isteach ar a ról mar reachtóir i Seanad Mheiriceá. Ba chuid de bheartas seiftiúil polaitíochta é le ceannas a bhaint amach ar an bPáirtí Daonlathach. Shíl sé, is cosúil, dá n-éireodh leis dlíthe a achtú a chuirfeadh feabhas ar shaol a chomhshaoránach, go nglanfaí eachtra Chappaquidick de chuimhne na ndaoine. Ar leabhar na reachtanna i Stáit Aontaithe Mheiriceá, is liosta le háireamh iad na hachtanna a raibh Ted mar údar leo. Ar na hachtanna is tábhachtaí a chuir sé chun tosaigh tá reachtaíocht a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas, le cearta na n-inimirceach agus na gceardchumann, agus le cearta saighdiúirí coinscríofa in arm Mheiriceá, chomh maith le hachtanna éagsúla faoi chúrsaí oideachais. Ba é Kennedy, freisin, a thug an chabhair ba ghá don Seanadóir Morrison bille a achtú i 1992 a chuir tús le scéim víosaí d'inimircigh. Ba dá thoradh sin a tugadh deis do na mílte Éireannach óg dul go Meiriceá agus obair a fháil ann go dleathach.

**4** Ach ó thaobh na huachtaránachta de níor éirigh le beartas polaitiúil Ted Kennedy. I 1976 roghnaigh an Páirtí Daonlathach Jimmy Carter do thoghchán na huachtaránachta agus toghadh é. Bhí Ted Kennedy ina pholaiteoir cumhachtach in Washington sna blianta sin, áfach. Chuidigh sé go mór le hiarracht an uachtaráin Carter síocháin a dhéanamh sa Mheán-Oirthear. Cé gur theip ar an iarracht sin, d'fhoghlaim Kennedy gur den riachtanas é i gcainteanna síochána miondeacrachtaí a ghlanadh as bealach na bpáirtithe ionas gur féidir leo díriú ar chroí na faidhbe eatarthu. Chuir sé an ceacht sin i bhfeidhm agus é ag plé le gluaiseacht na síochána i dTuaisceart Éireann ar ball. Mar sin, nuair a tháinig na Daonlathaigh ar ais i gcumhacht agus Bill Clinton ina uachtarán, chomhairligh Kennedy do Clinton víosa a eisiúint do Gerry Adams. Mhínigh sé don uachtarán go gcaithfí déileáil le Sinn Féin mar pháirtí polaitíochta dá mba mhaith leo cur ina luí orthu éirí as an bhforéigean agus polaitíocht shíochánta a chleachtadh. Aithnítear Kennedy in Éirinn agus i Meiriceá mar an crann taca ba leanúnaí agus ab éifeachtaí le gluaiseacht na síochána sa Tuaisceart.

**B** *ar leanúint*

**5** Nuair a lorg Barack Obama ainmniúchán an Pháirtí Dhaonlathaigh do thoghchán na huachtaránachta in 2008 thuig sé an géarghá a bhí le tacaíocht a fháil ó cheannairí cumhachtacha an pháirtí leis an lámh in uachtar a fháil ar a chéile comhraic, Hillary Clinton. Nuair a tháinig uair na cinniúna thacaigh Ted Kennedy le hObama agus ba leor é sin le comhghuaillithe láidre sa Pháirtí Daonlathach a tharraingt ar thaobh Obama in aghaidh mheaisín ollchumhachtach lucht Clinton. Ba é toradh na tacaíochta sin go bhfuair Obama an lámh in uachtar ar Hillary agus ina dhiaidh sin ar John McCain i dtoghchán na huachtaránachta. Thuig Obama an chomaoin mhillteanach a chuir Kennedy air agus níor lig sé i ndearmad í. Ar lá Lúnasa, 2009, bhronn an tUachtarán Obama an gradam sibhialta is airde i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar Ted Kennedy – Bonn na Saoirse. Sé lá is fiche ina dhiaidh sin bhí Kennedy ar lár. Ina óráid ómóis os cionn chónra Kennedy, luaigh Obama gur ghéill Ted riamh is choíche d'idéal na seirbhíse poiblí. Ba chuid d'oidhreacht agus d'oiliúint chlann Kennedy uile an t-idéal sin.



Edward M. Kennedy, 1932 - 2009

Bunaithe ar alt le Póilín Ní Chiaráin sa nuachtán *Foinse*

## *Ceisteanna*

**1** (a) Cén aird a tugadh ar bhás Ted Kennedy ar fud an domhain? (Alt 1) (3 mharc)

(b) Cén fáth atá luaite leis an gcáil fhorleathan a bhí tuillte ag Ted Kennedy? (**Dhá** phointe) (Alt 1) (4 mharc)

**2** (a) Cén t-éacht atá luaite le Ted Kennedy mar pholaiteoir? (Alt 2) (3 mharc)

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi eachtra Chappaquidick. (Alt 2) (4 mharc)

**3** (a) Cén chaoi ar shíl Ted Kennedy eachtra Chappaquidick a ghlanadh de chuimhne na ndaoine? (Alt 3) (3 mharc)

(b) Cén toradh a bhí ar an gcabhair a thug Ted Kennedy don Seanadóir Morrison? (Alt 3) (4 mharc)

**4** (a) Cén ceacht a d'fhoghlaim Ted Kennedy as iarrachtaí Carter síocháin a dhéanamh sa Mheán-Oirthear? (Alt 4) (3 mharc)

(b) Cén fáth ar chomhairligh Ted Kennedy don Uachtarán Clinton víosa a eisiúint do Gerry Adams? (Alt 4) (4 mharc)

**5** (a) Cén 'chomaoin mhillteanach' a chuir Ted Kennedy ar Obama? (Alt 5) (3 mharc)

(b) Cén t-idéal a luaigh Barack Obama le clann Kennedy? (Alt 5) (4 mharc)

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2010***

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

# *Gaeilge Ardleibhéal*

## Triail Chluastuisceana

100 MARC

**Dé Luain, 14 Meitheamh**
**Tráthnóna, 4.30 go dtí 5.10**

| ***Don Scrúdaitheoir*** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **CUID A** | | **CUID B** | | **CUID C** | |
| Ceist | Marc | Ceist | Marc | Ceist | Marc |
| 1 | | 1 | | 1 | |
| 2 | | 2 | | 2 | |
| 3 | | 3 | | 3 | |
| Iom. | | Iom. | | Iom. | |

| ***Na hIomláin*** | |
|---|---|
| **A (30)** | |
| **B (40)** | |
| **C (20)** | |

| | |
|---|---|
| **Eolas (90)** | |
| **Gaeilge (10)** | |
| **Móriomlán** | |

# *Treoracha d'iarrthóirí*

***Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.***

# *Cuid A*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cén cumann atá ag eagrú na siúlóide seo?

_______________

**(b)** Tabhair píosa amháin eolais a luaitear faoi Mhicheál Ó Muircheartaigh.

_______________

**2.** Cá háit go díreach a mbeidh an tsiúlóid ar siúl?

_______________

**3.** **(a)** Cén rud nach mór do dhuine a dhéanamh roimh ré le bheith páirteach sa tsiúlóid?

_______________

**(b)** Cad a dhéanfar anocht?

_______________

## FÓGRA A DÓ

**1.** Cad a bheidh ar siúl i dTigh Clarke ar an 6ú Lúnasa?

_______________

**2.** **(a)** Céard a bheidh ar siúl ag Micheál Ó Cuaig ar an ócáid?

_______________

**(b)** Cén aithne a cuireadh ar Chaitlín Maude i dtosach?

_______________

**3.** **(a)** Cé a eiseoidh an dlúthdhiosca de chuid amhrán Chaitlín Maude ar an ócáid?

_______________

**(b)** Luaigh rud **amháin** eile a bheidh ann mar chuid den ócáid chuimhneacháin.

_______________

## FÓGRA A TRÍ

**1.** Cad atá ag bagairt ar an Aetóip arís?

**2.** **(a)** Cad a tharla le trí bliana anuas i ndeisceart na tíre ?

**(b)** Céard a mheastar is cúis leis an tubaiste seo san Aetóip?

**3.** **(a)** Luaigh **dhá** rud is gá a chur ar fáil láithreach, dar le Goal.

**(b)** Luaigh slí **amháin** le airgead a thabhairt.

# *Cuid B*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huaire**.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá mhír*** é. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá raibh Síle ag an deireadh seachtaine?

**2.** Cén fáth nach bhfuair Seán ticéad, dar le Síle?

**3.** Cé mhéad a d'íoc Síle as an ticéad?

***An Dara Mír***

**1.** Cá bhfuair deartháir Shíle an ticéad?

**2.** **(a)** Cén imní a bhí ar Shíle faoin bpuball?

**(b)** Luaigh áis **amháin** a bhí ar fáil i mBaile Phoinse.

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cad a bheidh ag tosú sa scoil an bhliain seo chugainn?

**2.** Cá fhad a mbeidh Sinéad sa Fhrainc?

**3.** **(a)** Luaigh rud **amháin** faoi na hábhair sa choláiste in Nice.

**(b)** Cén duine gaolmhar le Sinéad a chuaigh chuig an gcoláiste sin cheana?

***An Dara Mír***

**1.** Cén fáth a ndéanfadh bliain sa Fhrainc maitheas do Phól?

**2.** **(a)** Cad a cheapann tuismitheoirí Shinéad faoin Idirbhliain?

**(b)** Cén rud speisialta a dhéanfaidh Pól le linn na hIdirbhliana?

**3.** Cén chéim a dhéanfaidh Sinéad in ollscoil Luimnigh?

## COMHRÁ A TRÍ

***An Chéad Mhír***

**1.** **(a)** Cé mhéad iris Ghaeilge atá ann do dhéagóirí, dar le Máire?

______________________________

**(b)** Cén saghas irise a mholann Máire?

______________________________

**2.** Cén fáth nach mbeadh suim ag foilsitheoir in iris Ghaeilge-Bhéarla a chur i gcló?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cad a deir Máire faoin ábhar atá i gcuid de na téacsleabhair Ghaeilge faoi láthair?

______________________________

**2.** Luaigh fadhb **amháin** a fheiceann Eoin le hiris Ghaeilge-Bhéarla?

______________________________

**3.** Cén fhadhb a bhain le foilsiú Foinse dar le hEoin?

______________________________

# *Cuid C*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cén saghas comórtais a bhuaigh Crib na nÓg ar Raidió na Gaeltachta?

______________________________

**2.** **(a)** Céard é Crib na nÓg?

______________________________

**(b)** Cén aidhm a bhí leis an gcomórtas ar ghlac Crib na nÓg páirt ann?

______________________________

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cá ndéantar na hearraí atá ar díol i siopa Pagan?

______________________________

**2.** Cén rud a raibh tóir ar leith ag daoine óga air?

______________________________

**3.** **(a)** Luaigh earra **amháin** a raibh an-éileamh ag na mná air.

______________________________

**(b)** Cén rud atá beartaithe a chur ar bun go luath?

______________________________

## PÍOSA A TRÍ

**1.** Cé dóibh na scoláireachtaí cónaithe seo?

______________________________

**2.** Luaigh rud **amháin** a bhí ar fáil faoin scéim.

______________________________

**3.** Cé mhéad scoláireacht a bronnadh faoin scéim sa bhliain 2010?

______________________________